



Cé Mise?

Cad Chuige ar Rinneadh Mé?

“Pádraig is ainm dom . . . Gabhadh mar phríosúnach mé . . . i mbraighdeanas in Éirinn”
Ó mhórán go beagán. Ó dhuine go neamhdhuine. Ó chomhluadar go huaigneas.

Iompaíonn imeachtaí corraitheacha ár saol bunoscíonn. Tá sé ina gcumas acu sinn a bhaint dár mboinn agus sinn a chur in amhras faoi cé sinn, nó faoin mbrí a bhaineann le haon rud.

An bhfuil ár bhféiniúlacht fréamhaithe in éagóir a d’fhulaingíomar, agus ár ndiongbháilteacht sciobtha uainn ag an dream a rinne dochar dúinn? An neach curtha ar neamhní mé, timpiste ar rothaí an tsaoil? Fiú mura dtarlaíonn mórthubaiste ar bith, fós féin teastaíonn uainn a fhios a bheith againn, “Cé mise?” agus “Cén fáth go bhfuil mé anseo?”

Samhlaigh rud éigin a d’ardódh thú as an tráma is doimhne, nó a thabharfadh inspreagadh don té is lú tábhacht (sclábhaí, mar shampla). Samhlaigh rud chomh costasach cumhachtach nach féidir a luach a mheas, rud a chuirfeadh blas eile ar fad ar d’fhéiniúlacht is ar chuspóir do shaoil.

Cé go raibh mórán a bhain leis scriosta, nuair a chuir sé a mhuinín i nDia fuair Pádraig amach nach raibh a fhéiniúlacht agus a bhris nó an dochar a rinneadh dó ceangailte le chéile—bhí brí a bheatha aimsithe aige. Ní hé go raibh cuspóir an tsaoil goidte uaidh; bhí sé tiomanta ag cuspóir níos airde.

“Ba chosúil le cloch mé sáite i bhfolach sa láib. Ba ansin a tháinig an té atá cumhachtach. Le trócaire orm is ea a tharraing sé amach mé, d’ardaigh agus chuir anuas ar bharr an bhalla mé. Sin an fáth go bhfuilim, anois agus go síoraí, faoi chomaoin ag an Tiarna labhairt amach os ard ar a ghníomhartha iontacha a dteipeann ar mheon an duine iad a mheas.”

—*Sliocht as Confessio Phádraig*

Ba é sin a tharla breis agus míle go leith bliain ó shin i gcás Phádraig, agus tá Íosa Críost ag déanamh an rud céanna do dhaoine in Éirinn agus trasna an domhain ó shin i leith.

Sa lá atá inniu ann tá mórán ag streachailt agus iad ag iarraidh teacht ar thuiscint ar cé hiad nó cén fáth go bhfuil siad anseo. Tá iarracht mhór déanta againn an tuiscint atá againn ar ár bhféiniúlacht féin a nascadh lenár gcuid oibre, ár gcaidrimh, ár n-uailmhianta, ár gcaitheamh aimsire, ár bpróifíl sna meáin shóisialta, ár ngnéasacht agus go leor eile—ach tá sé faighte amach againn go bhfuil siadsan ar bheagán substaint, gan sásamh.

Dá gcasfaimisne, mar a rinne Pádraig, ar uiscí beo Íosa Críost a thugann an bheatha, thiocfaimis air siúd a deir, “Tháinig mise go mbeadh beatha acu agus go mbeadh sí acu níos iomláine” (Eoin 10:10).

Nil cuspóir an tsaoil ná eochair na féiniúlachta le fáil sna nithe a dhéanaimid, ach sa Té a bhfuil aithne againn air.